



**Comhairle Cathrach
na Gaillimhe**
Galway City Council



Nuachtlitir maidir le Rátaí agus leis an gCáin Mhaoine Áitiúil Meitheamh 2025



Nuachtlitir maidir le Rátaí agus leis an gCáin Mhaoine Áitiúil Meitheamh 2025

Gaillimh an t-ionad uirbeach is mó laistigh de limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA), agus tá sí ar cheann den dá chathair i gConair Eacnamaíochta an Atlantaigh, agus í ina catalaíoch ríthábhachtach d'fhás eacnamaíoch agus d'iomaiochas sa réigiún agus ag an am céanna cuireann sí go mór le holltáirgeacht intíre.

Is €144,104,090 buiséad an údaráis áitiúil do 2025.

Ag deireadh 2024, cheadaigh Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe moladh uailmhianach ón Údarás Áitiúil €19.5m breise a infheistiú sa chathair sna cúig bliana atá amach romhainn. Tá an infheistíocht seo á maoiniú trí:

- méadú 15% ar an gCáin Mhaoine Áitiúil, agus
- athbhreithniú ar an Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) ó 0.217 go 0.23 — ráta tráchtála atá ag tosú anois ag teacht leis an ráta atá ag formhór na 30 údarás áitiúil eile ar fud na tíre.

Léiríonn an infheistíocht seo tiomantas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'fhás agus d'fhorbairt na Gaillimhe, ag cur seirbhísí feabhsaithe ar fáil do ghnólachtaí, do phobail áitiúla, do mhuintir na háite, agus don dá mhilliún turasóir a thugann cuairt ar an gcathair gach bliain.

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe 12 thionscadal tosaíochta faoi bhráid Chlár an Rialtais, agus d'iarr sí ar ionadaithe áitiúla agus Oireachtais tacú le dul chun cinn na dtionscadal sin. I measc na tosaíochtaí seo tá Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6, BusConnects Gaillimh; Scéim Cosanta Tuilte Chathair na Gaillimhe (Coirib go Cósta); samhail mhaoinithe; cáin phíolótach Oíche Leaba do Thurasóirí; bonneagar fuíolluisce; athnuachan Bhóthar na Díge agus Bhóthar an Ghainimh; forbairt na nArdán a chumasú; Droichead Coisithe agus Rothaíochta Iarnróid an Chlocháin; ciste bonneagair chultúir; agus athfhorbairt Chalafort na Gaillimhe. Tá an clár infheistíochta seo ríthábhachtach lena chinntiú go leanann Cathair na Gaillimhe ag bisiú agus go mbeidh sí ina ceann scríbe den chéad scoth le bheith i do chónaí inti, cuairt a thabhairt uirthi agus gnó a dhéanamh inti.

Uasdátú Lár na Bliana

Agus muid ag dul isteach sa 3ú ráithe de 2025, agus Méara nua le dul in oifig níos déanaí an mhí seo, leagtar béim sa nuachtlitir seo ar na príomhthionscnaimh atá á gcur chun cinn ag an bhfoireann agus ag Baill Thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le sé mhí anuas, tar éis ghlacadh an bhuiséid, chun tacú le gnóthaí agus pobail na cathrach.

Tá clár suntasach oibre curtha i gcrích— agus leanúnach maidir le seirbhís agus tionscadail chaipitil a sholáthar i gCathair na Gaillimhe. Léiríonn an nuachtlitir seo príomhbhuaicphointí agus garspriocanna le sé mhí anuas.

Tá muid ag súil dul chun cinn leanúnach a dhéanamh an chuid eile de 2025.



Leonard Cleary
Chief Executive



Cllr. Peter Keane
His Worship, the Mayor of the City of Galway



Seachadadh Seirbhíse

- **Geilleagar Oíche:** Imeachtaí Ceoil Bheo 'Youth Lates' (bliain a dó). 'Café Lates' (bliain a dó) - seacht gcaifé rannpháirteach. Scéim phíolótach 'Thursday Lates' in Ionad Ealaíon na Gaillimhe.
Oiliúint: Oiliúint don Oiliúnóir 'All Right All Night', Leochaileacht agus Cosaint; Feasacht ar Dhrugaí, Alcól agus Spíceáil. Oiliúint feasachta inrochtaineachta 'Night Out Access In'. €240,000 bronnta ón gCiste Aitheantais Pobail le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ar **Pháirc an Athar de Búrca**.
- Cúig **Ghradam an Bhrait Ghlais** do Pháirc na gCúig Céad, Páirc na Mílaoise do Pháistí, Páirc Uí Shúilleabháin, Páirc Uí Chinnéide agus Páirc Foraoise Thír Oileáin.
- Gradaim **an Bhrait Ghoirm** agus **an Chósta Ghlais** do Thrá na gCeann agus Trá Bhóthar na Trá.
- Suiteáladh dhá **scáthlán** ag Trá Bhaile an Locháin, le múrphictiúir iontacha péinteáilte ag an ealaíontóir áitiúil, Ró.
- Íocaíochtaí gan airgead tirim **Páirceáil Chathair na Gaillimhe** - Níos mó ná 60% de na hidirbhearta páirceála á ndéanamh ar an aip páirceála/réitigh ar líne, le breis agus 25,000 úsáideoir.
- **Tuarascáil Maoirseachta an Choimisiúin Toghcháin ar Clár dToghthóirí** - Comhairle Cathrach na Gaillimhe "ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí maidir le tascairí cruinnis a thaifeadadh do gach toghthóir" agus ar cheann den dá údarás áitiúla is fearr maidir le PPSNanna a taifeadadh.
- Deontais €450,000 bronnta ar **eagraíochtaí ealaíon** na cathrach don bhliain 2025.
- **Lá Fhéile Pádraig** - Féile trí lá de cheol, amharclannaíocht, sorcas agus seónna. Bhí 70 grúpa sa bparáid le 3,500 rannpháirtí san iomlán.
- **Maoiniú:** €100,000 ceadaithe faoi Sparánacht na gCleachtóirí Cruithaitheacha, Deontas Banna agus Deontais Phobail Sláintiúla Chathair na Gaillimhe i mí Aibreáin. €82,440 ar feitheamh formheasa do Dheontais Taitneamhachta Áitiúla, Deontais na bhFéilte Pobail Áitiúil agus Tionscnamh Cathrach Nuálaíche, agus leithdháilfear €565,000 faoi scéim deontais CAIRDE i mí an Mheithimh. Maoiniú Rannpháirteach Pobail €25,000 bronnta ar Pháirc Spraoi Mervue. Deontais €134,604 ón gClár Feabhsúcháin Áitiúil le fógairt i mí an Mheithimh.
- **Glanadh Sráide** - bhí sé thar a bheith deacair glantacháin a dhéanamh go luath ar maidin le linn na haimsire maithe le déanaí ach coinníodh an tseirbhís ar ardchaighdeán. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag féachaint ar bhealaí chun feasacht ar bhruscar a fheabhsú laistigh den réimse poiblí agus chun dramhaíl a théann chuig láithreáin líonadh talún a laghdú ar an iomlán.
- **Creidiúnú an Bhrait Chorcra** faighte do Chathair na Gaillimhe agus do Bhóthar na Trá in 2025.
- Scéim chun **Aghaidh Siopaí a Fheabhsú** - Ag glacadh le hiarratais (Meitheamh 2025).



- **‘Giob Geab’** - oíche nua seanchais faoin aeráid in Amharclann an Draoi, 26 Márta 2025.
- **Clár Píolótach NetZeroCities** - Seisiún faisnéise iarfheistithe ar siúl. Rige iarfheistithe - Cúrsaí Foirgníochta Fuinnimh Glan-Nialais agus seisiúin iarfheistithe (Feabhra). Ghlac sí páirt i gComhdháil Misean na gCathracha sa Liotuáin, Bealtaine 2025. Críochnóidh an tionscadal ar 31 Bealtaine 2025.
- **Féile Ghaeilge Tonnta** (Feabhra) - chuir Gaillimh le Gaeilge beocht san fhéile seo, ag ceiliúradh na Gaillimhe mar an t-aon chathair dhátheangach in Éirinn.
- Mhaoinigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe roinnt féilte le **Deontais Mhargaíochta** lena n-áirítear Tonnta, Galway Fest, Seó Druma na Gaillimhe, An Tóstal, Grá Fest agus Rugbaí Chonnacht.
- **Stoirm Éowyn** - tá an fhreagairt ag dul ar aghaidh go fóill, agus acmhainní suntasacha á n-úsáid sa fhreagra agus sa ghlanadh leanúnach. Bhí nádúr na stoirme seo gan fasach, le damáiste forleathan i bhfad níos mó ná aon rud a d’fhulaing an t-údarás áitiúil le tamall anuas. Rinneadh damáiste do thart ar 4,000 crann ar fud na cathrach agus coillearnacha a thagann faoi chúram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Seoladh ceann de na chéad **Mhoil leictrea-shoghluaisteachta** in Éirinn i gCeantar Dícharbónúcháin an Taobh Thiar, ag Leabharlann an Taobh Thiar.
- **Músaem Cathrach na Gaillimhe** - Múnlaí nua ag ealaíontóir bríce LEGO®, Jessica Farrell, agus maoiniú €15,000 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le haghaidh múnla iontach 3D de Theach Túir ón 16ú haois.
- 15ú **Comhdháil bhliantúil Oidhreacht Chathair na Gaillimhe**, 25 Márta 2025.
- An chéad **Chruinniú Comhairle dátheangach** le linn Sheachtain na Gaeilge, Márta 2025.
- Tionscadal lána **Gharrán Pháirc an Tobair** le múrphictiúr agus plandáil crann.
- Seoladh **Binsí Cliste** Píolótacha sa Cheann Thiar, An Fhaiche Mhór agus Bóthar na Trá.
- **Cathair Chiorclach na Gaillimhe** - Ceardlanna Fuála Márta 2025.
- Rinne Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins comóradh ar **25 bliain de Pháirc Foraoise Thír Oileáin** mar cheiliúradh i gCathair na Gaillimhe inniu (Déardaoine an 6 Meitheamh 2025). Cuireadh ‘Scamhóga Glasa’ Chathair na Gaillimhe i dtús na bliana 2000, in aon lá amháin (an 12 Márta), nuair a tháinig breis agus 3,000 duine le chéile i bpáirc fholamh - agus iad ag fágáil i ndiaidh dóibh foraois a chur.
- **Bain Taitneamh as do Thrá 2025; Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta; Lá na hAfraice; Ceiliúradh ar Bhealtaine** - Bealtaine 2025. **Cruinniú na nÓg**, Meitheamh 2025.
- **Nascadh le Lorient** - Ceiliúradh nasctha 50 bliain, agus beidh Brittany Fest Galway ar siúl i mBealtaine 2025.



- **Gradaim an Mhéara** - fógraíodh 9 mbuaiteoir den scoth ag searmanas ar an 1 Bealtaine 2025.
- **Bál Carthanachta Bliantúil an Mhéara**, Dé hAoine an 13 Meitheamh, ar mhaithe le ceithre chúis áitiúla - Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe, Siondróm Down na Gaillimhe, The Blue Teapot Theatre Company agus Rosabel's Rooms.
- Seoladh Daonáireamh Comhpháirteach **Próifíl Socheacnamaíoch Cheantar Cathrach agus Contae na Gaillimhe 2022**, a ailnígh 27 comharsanacht i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe le teorainneacha limistéir bheaga na Príomh-Oifige Staidrimh (Aibreán 2025).
- D'fhreastail 400 Pleanálaí Sinsearach ar **Chomhdháil Náisiúnta Pleanála** mór le rá ar chomóradh 50 bliain d'Institiúid Pleanála na hÉireann (Aibreán 2025).
- Scéim tithíochta a bhuaigh duaiseanna agus atá fóirsteanach do gach aois 'An Cliathán' agus An Ciste Cruthaitheachta chun tacú le daoine gan dídean páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha le bheith páirteach san **Fhéile Idirnáisiúnta Tithíochta Sóisialta**, 4-6 Meitheamh.
- Chuir Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Leonard Cleary, fáilte roimh os cionn **80 duine gairmiúil i líonra Turasóireachta Chathair na Gaillimhe** chuig imeacht líonraithe de chuid Fáilte Éireann in Óstán Galmont Dé Máirt an 20 Bealtaine. Leagadh béim san imeacht ar dheiseanna móra don earnáil i gCathair na Gaillimhe, agus tá Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe (DEDP) á fhorbairt faoi láthair le Fáilte Éireann agus le gnólachtaí turasóireachta áitiúla.
- **Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe** - Fuair 30 gnó tacaíocht do 'Lean, Green and Digital'. Chríochnaigh 36 gnó/cliant an clár oiliúna Tosaigh Do Ghnó Féin. Chríochnaigh 14 cliant oiliúint Forbartha Bainistíochta.
- Taispeántas **Comhghuaillíochtaí Inbhuanaithe i gCoinne Fuath Frith-Mhuslamach** i Halla na Cathrach.
- Tá **cothabháil** tithíochta ar siúl go leanúnach do bhreis is 2,877 aonad, lena n-áirítear oibreacha neamhsceidealta éigeandála, iarfheistiú fuinnimh, athchóiriú réadmhaoine atá faoi thionóntacht agus ar neamhní. Géilleadh 26 réadmhaoín, agus athchóiríodh 29 réadmhaoín ar neamhní le haghaidh aththionónta in 2025. Oibreacha pleanálte ar bhreis is 400 teach (athsholáthar fuinneoige/dorais sheachtraigh, feabhsúchán taise, athsholáthar córas téimh, miondeisiúcháin dín, oibreacha leictreacha). Aláraim Dóiteáin, Soilsiú Éigeandála, agus Múchtóirí Dóiteáin - leantar den chlár oibreacha ar fud 27 Aonad Ilfhorbartha faoi shainchúram cothabhála tithíochta, lena n-áirítear cigireachtaí agus feabhsúchán.
- Leanann **Deontais Oiriúnaithe Tithíochta** do Sheandaoine agus do Dhaoine faoi Mhíchumas le haghaidh tithe príobháideacha agus tithe an Údaráis Áitiúil ar aghaidh in 2025 - rinneadh oibreacha Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas ar 74 teach faoin gclár seo go dtí seo.
- **Bóithre: Oibreacha athshlánúcháin droichid** críochnaithe ag Droichead Canála Shráid Dhoiminic agus Droichead Canála Bhóthar an Athar Griffin. Críochnaíodh **oibreacha athdhromchlaithre bóthair** ag 13 chuid bóthair. **Oibreacha atógála cosáin** curtha i gcrích ag Bóthar an Bhóthair Mhór agus An Rinn Mhór. **Oibreacha feabhsúcháin soghluaisteachta** curtha i gcrích ag 10 suíomh. **Oibreacha feabhsúcháin ceantair choisithe** ag an tSráid Ard.



Tionscadail Chaipitil

- **Trasrian Coisithe ag Droichead na mBradán** Alt 38 den phróiseas pleanála ceadaithe, ag obair ar dhearadh mionsonraithe faoi láthair.
- Cuireadh tús le tógáil **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin** i mí Feabhra, ar lánaí rothar scartha 2.4km le sábháilteacht níos fearr do shiúlóirí agus do rothaithe.
- Bhí **Uasghrádú Acomhal Bhóthar an Chorráin/Bhóthar na Farraige** críochnaithe go substaintiúil, lena n-áirítear aghaidh na scoile Scoil Fhursa – agus idirghabhálacha sábháilteachta.
- Tháinig **Scéim Tosaíochta Bus Bhóthar na Páirce Móire**, leathnú ar an mbealach bus 409 isteach i bPáirc Ghnó na Páirce Móire, i bhfeidhm i mí an Mhárta.
- Scéim Taistil Ghníomhaigh **Bhóthar Dáileacháin an Iarthair Ag** ullmhú chun Cuid 8 den iarratas pleanála a chur isteach.
- **BusConnects Bóthar Bhaile Átha Cliath** Curtha faoi bhráid an Bhoird Phleanála i mí Feabhra. **BusConnects: Nasc Traschathrach** faoi athbhreithniú breithiúnach.
- **Bóthar Stiofáin** doiciméid tairisceana á n-ullmhú.
- Cruinniú céadphroinne idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Seomra na Gaillimhe chun plé a dhéanamh ar dheiseanna chun tacaíocht an rialtais a threisiú do **phríomhthosaíochtaí straitéiseacha** do Ghailimh agus do Réigiún an Iarthuaiscirt i gcoitinne.
- Cead Pleanála faighte le haghaidh athfhorbairt **Pháirc Bharr an Chalaídh**.
- **Creatphlean Sráidbhaile agus Cladach Bhóthar na Trá** - Imeachtaí rannpháirtíochta agus comhairliúchán poiblí.
- **Ceantar an Iarthair, Straitéis Chomhtháite Uirbeach** - Imeachtaí Rannpháirtíochta.
- **Ciste na Séadchomharthaí Pobail** - €250K faighte d'Eaglais Choláisteach San Nioclás/Caisleán Mhionlaigh.
- Ón 1 Eanáir, tá **Clár na Suíomhanna Tréigthe** méadaithe ó 11 go 51. Baineadh 6 shuíomh den Chlár sa tréimhse sin. Tobhaigh de €177,450 san iomlán a ardaíodh ar 7 gcinn de na suíomhanna seo. 87 láithreán tréigthe nua aitheanta in 2025 - iniúchtaí déanta agus fógraí reachtúla cuí eisithe. Dréacht-Bheartas agus Nós Imeachta maidir le Láithreáin Thréigthe ceadaithe ag an CPS um Fhorbairt Tionscadal lena athbhreithniú ag cruinniú na Comhairle i mí an Mheithimh. Tá feachtas poiblíochta beartaithe chun an pobal a chur ar an eolas faoi cheist na suíomhanna tréigthe agus conas iad a thuairisciú.
- Oíche Eolais faoi **Mhaoin Thréigthe agus Fholamh** an 26 Bealtaine 2025.
- **Athnuachan Shráid na Croise** - Ceardlann do Pháirtithe Leasmhara.
- Seoladh **Scéim Tithíochta Inacmhainne**, Bóthar Leictirí.
- Tá **Oifig Turasóireachta** nua do Chearnóg na Faiche Móire ag dul tríd an gcéim deartha le tacaíocht ó Fháilte Éireann.



- Bhuaigh Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eginton **an Gradam don Chosán/Uiscebhealach is Fearr in Éirinn**, i nGradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann 2025, ag an searmanas náisiúnta i mí Feabhra.
- **Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)** Cruinniú chun an chomhpháirtíocht idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a neartú chun aonaid tithíochta a bhfuil géarghá leo a sholáthar ar fud Chathair na Gaillimhe (Márta 2025).
- Tá **Cearnóg na Corónach** ag Céim 2 (b), céim an Dearaidh Mhionsonraithe. Tá an próiseas tairisceana ar siúl faoi láthair don chonraitheoir feistithe.
- **Tionscadal Réimse Uirbigh Phoiblí agus Páirc Bhaile an Rí agus Páirc Lána an Mhuilleora** - Críochnaíonn an dara céim de phróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtuil ar an 22 Bealtaine. D'fhreastail breis agus 160 duine ar an imeacht comhairliúcháin i mí Aibreáin, agus fuarthas aiseolas an-dearfach go dtí seo. Tá an tionscadal ag bogadh anois i dtreo céim 'An rogha is fearr'.
- **Tionscadal Réimse Uirbigh Phoiblí agus Páirc Chomharsanachta na Páirce Theas** – An chéad chéim de phróiseas neamhreachtuil críochnaithe sa chéad ráithe; obair idir lámha ar chleachtadh dearadh chun cur leis an dara céim de phróiseas comhairliúcháin neamhreachtuil i Lúnasa – Meán Fómhair 2025.
- **Tionscadal Réimse Uirbigh Phoiblí agus Páirc Chomharsanachta na Rinne Móire** – An chéad chéim de phróiseas neamhreachtuil críochnaithe sa chéad ráithe; obair idir lámha ar chleachtadh dearadh chun cur leis an dara céim de phróiseas comhairliúcháin neamhreachtuil i Lúnasa – Meán Fómhair 2025.
- Obair ag dul ar aghaidh ar dhearadh mionsonraithe le haghaidh athchóiriú **Amharclann na hÓige ar Oileán Altanach agus Spás Cruthaitheach** ag Teach Manse. Tá Maoiniú Caipitil de €3.8 milliún faighte ó chiste THRIVE chun é seo a chur i bhfeidhm.



Earcaíocht

Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht earcaíochta chun tacú le seachadadh raon leathan seirbhísí. Léiríonn scála agus éagsúlacht na ról atá á líonadh na riachtanais dhinimiciúla atá ag forbairt ar fud na heagraíochta.

Rinneadh roinnt ceapachán, lena n-áirítear ról mar: Oifigeach Forfheidhmithe Dramhaíola, Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail, Eolaí Feidhmiúcháin, Oifigeach Cúnta Páirceanna agus Tírdhreacha, Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearach, Cibearshlándáil TF, Oifigeach um Chomhlíonadh Timpeallachta, Cuntasóir Bainistíochta Airgeadais, Ailtire Sinsearach, Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearach, Gráid Riaracháin. Níl iontu seo ach rogha den iliomad post a líonadh le cúpla mí anuas.

Chomh maith leis sin, tá muid ag earcú faoi láthair le haghaidh roinnt ról nua, lena n-áirítear: Suirbhéir Cainníochta Feidhmiúcháin, Pleanálaithe Iarchéime Údaráis Áitiúil, Oifigeach Forbartha Ealaíon, Pleanálaí Cúnta, Pleanálaí Feidhmiúcháin, Comhordaitheoir Bonneagair Áitiúil EV, Ailtire Feidhmiúcháin, Oifigeach Caidrimh Idirnáisiúnta. Léiríonn an feachtas leanúnach earcaíochta seo fairsinge an tsaineolais a theastaíonn chun ár dtiomantais agus ár dtosaíochtaí a chomhlíonadh.

Féach www.GalwayCity.ie/Human-Resources chun eolas a fháil faoi fholúntais reatha.

Do Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc

Is é an bealach is éasca chun do cháin mhaoine áitiúil a íoc ná ar líne.

Is féidir áireamhán CMÁ na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid ar líne chun do CMÁ a ríomh - féach [Revenue.ie](https://revenue.ie)

Is féidir leat íocaíocht amháin a íoc ina hiomláine nó in íocaíochtaí céimnithe (tráthchodanna) chun d'íocaíochtaí a scaipeadh i rith na bliana.

Chun d'íocaíocht a dhéanamh ina hiomláine, nó socrú íocaíochta céimnithe a chur ar bun, logáil isteach ar an tairseach CMÁ - féach [Revenue.ie](https://revenue.ie)

Is féidir leat íocaíocht a dhéanamh ina hiomláine, nó ar bhonn céimnithe, trí sholáthraí seirbhíse íocaíochta ceadaithe (PSP). Is iad An Post agus Payzone na PSPanna ceadaithe. Is féidir leat é seo a shocrú ar an Tairseach CMÁ, agus d'íocaíocht(aí) a dhéanamh ina dhiaidh sin ag an PSP.

Íocóirí Rátaí i dTrioblóid

Éascóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe pleananna íocaíochta do chustaiméirí a bhfuil fuílligh le hÍoc acu ar rátaí.

Ba chóir d'íocóirí rátaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu dul i dteagmháil lena mBailitheoir Ioncaim ag Rates@GalwayCity.ie chun plean íocaíochta athbhreithnithe a chomhaontú.

Lean muid leis an eolas is déanaí a fháil

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe don eolas is déanaí faoi sheirbhísí agus faoi thionscadail:

GalwayCityCouncil



www.GalwayCity.ie

